Short Biography – as Gaeilge

Rugadh Seóirse Bodley i mBaile Átha Cliath i 1933. Tar éis staidéar a dhéanamh in Éirinn agus sa Ghearmáin bhain sé post teagaisc amach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, áit ar bronnadh céim D. Mus. air, agus ar ceapadh ina Ollamh Comhlach ina dhiaidh sin é.

Bhí sé i gcónaí go mór faoi thionchar stíleanna éagsúla ceoil, ó Avant-garde na hEorpa go dtí ceol traidisiúnta na hÉireann. Tá cúig shiansa cumtha aige don cheolfhoireann iomlán, chomh maith le dhá shiansa seomra agus go leor píosaí don cheolfhoireann, don chór, don ghlór agus don seomra. I measc a choimisiún iomadúla tá a thríú siansa, a chum sé d'oscailt oifigiúil an Cheolárais Náisiúnta i mBÁC, agus a cheathrú siansa, a d'iarr Ceolfhoireann Shiansach Arturo Toscanini, i bParma na hIodáile, air. Is iomaí léiriú agus craoladh atá déanta ar a chuid ceoil in Éirinn, i Meiriceá Thuaidh, ar fud na hEorpa, san Astráil, sa tSín agus sa tSeapáin. I measc a chuid dámhachtainí tá Duais na Comhairle Ealaíon don Chumadóireacht, Staidéaracht Taistil ón Ollscoil Náisiúnta, Comhaltacht Macaulay i gCumadóireacht Ceoil agus Dámhachtain Marten Toonder. Toghadh é sa bhliain 2008 mar Shaoi de chuid Aosdána, acadamh stát-urraithe ealaíontóirí cruthaitheacha na hÉireann.

Blánaid Bodley and
Angela Bourke MRIA